TAG.: CDT-AD6-2020/04

COMHORDAITHEOIR UM FHORBAIRT TF (M/F)

GRÁD: AD 6
ROINN: AN ROINN TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE (TF)
ÁIT FOSTAÍOCHTA: LUCSAMBURG

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh i 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh. Tá sé lonnaithe i Lucsamburg. Tá méadú mór tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é, agus tá thart ar 200 duine ag obair ann faoi láthair.

Chun freastal ar riachtanais na **Roinne 'TF'**, agus na rannóige 'Forbartha' go háirithe, tá nós imeachta roghnúcháin á reáchtáil ag an Ionad Aistriúcháin d'fhonn liosta ionadaithe a chruthú de 10 iarratasóir ar a mhéad chun gníomhairí sealadacha a earcú i gcomhréir le hAirteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh[1].

Tá thart ar 40 duine ag obair sa Roinn TF. Tá 13 dhuine ag obair sa Rannóg Forbartha. Déanann an Rannóg na feidhmchláir inmheánacha atá riachtanach maidir le feidhmiú cuí an Ionaid a dhearadh, a chruthú agus a chothabháil. Ó bhí 2013 ann, glacadh cinneadh sa Rannóg na céimeanna forbartha a eagrú trí chur chuige Agile a ghlacadh trí mhodheolaíocht SCRUM a úsáid chun nascadh le Freastalaí Azure DevOps de chuid Microsoft.

CINEÁL NA GCÚRAIMÍ

Ag tuairisciú dó/di go díreach do cheann na rannóige 'Forbartha', beidh na cúraimí a leanas ar an iarratasóir rathúil:

[1] Féadfar an liosta ionadaithe céanna a úsáid chun gníomhairí sealadacha dá dtagraítear in Airteagal 2(b) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a earcú.

- Cabhrú leis an oifigeach uachtarach: cabhrú le Ceann na Rannóige nó teacht ina (h)ionad sna réimsí freagrachta a bhaineann leis an bhforbairt TF, i gcomhréir leis na nósanna imeachta riaracháin atá i bhfeidhm; cabhrú le hullmhú an sceidil oibre; teagmhálacha a choinneáil idir an Rannóg agus seirbhísí eile san Ionad agus idir an Rannóg agus gníomhairí, comhlachtaí agus daoine aonair seachtracha; freastal ar chruinnithe choistí éagsúla agus/nó ghrúpaí oibre ina bhfuil an Rannóg rannpháirteach agus doiciméid a eascraíonn astu a dhréachtú; páirt a ghlacadh i ndáil le gach doiciméad eile a dhréachtú atá úsáideach don Rannóg agus feabhsúcháin a mholadh d'fhonn obair éifeachtach riaracháin agus leanúnachas i dtionscadail éagsúla na Rannóige a áirithiú.

- Gníomhaíochtaí bainistíochta agus faireacháin eile:

    1. Tionscadail: freagracht a ghlacadh as táirgí insoláthartha tionscadail TF (plean tionscadail, bainistíocht riosca, bainistíocht fadhbanna, bainistíocht athraithe le linn an tionscadail, bainistíocht cáilíochta, miontuairiscí cruinnithe agus tuarascáil leantach); gníomhaíochtaí na foirne tionscadail a bhainistiú, a chomhordú agus a mhaoirsiú, ar foireann í atá comdhéanta d'fhorbróirí agus tástálaithe; a áirithiú go mbaintear amach cuspóirí an tionscadail agus critéir cháilíochta agus srianta ama agus costais á gcomhlíonadh; monatóireacht a dhéanamh ar thástálacha córais, monatóireacht theicniúil a dhéanamh ar leagan amach táirgeachta; tuarascálacha ar dhul chun cinn tionscadail a chur in iúl agus a ullmhú don pháirtí a d'iarr an tionscadal agus do na páirtithe leasmhara go léir; athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an tionscadail.

    2. Forbairtí: feidhmíocht na staidéar agus na n-anailísí atá riachtanach d'fhorbairt feidhmchlár a fheidhmiú nó a mhaoirsiú, chun feidhmchláir iontaofa curtha in oiriúint do riachtanais an Ionaid a áirithiú; cinntí a dhéantar maidir le hailtireacht agus teicneolaíocht a chomhordú; cur chun feidhme cinntí teicniúla, cinntí a bhaineann le hailtireacht agus aon chaighdeán infheidhmithe eile a sheiceáil, go háirithe maidir le slándáil feidhmchlár agus sonraí; fáil agus nuashonrú doiciméadachta teicniúla a áirithiú maidir leis na hábhair inúsáidte a fhorbraíonn an Rannóg seo. Imscaradh a chomhordú leis na páirtithe eile lena mbaineann.

    3. Tacaíocht d'úsáideoirí: maoirseacht a dhéanamh ar thacaíocht d'úsáideoirí dara leibhéal chun cuidiú le hardleibhéal cáilíochta tacaíochta a áirithiú; na feabhsúcháin is gá a chur i bhfeidhm nó a mhaoirsiú chun costais tacaíochta maidir le feidhmchláir atá ann cheana féin a laghdú.

- Gníomhaíochtaí tacaíochta eile: cur le nuálaíocht trí mhodheolaíochtaí oibre a fhorbairt agus comhordú forbartha a fheabhsú.

- Caidrimh idirinstitiúideacha: cabhrú le Ceann na Rannóige nó teacht ina (h)ionad ag cruinnithe oibre chun ionadaíocht a dhéanamh ar an Ionad i ngníomhaíochtaí idirinstitiúideacha a bhaineann le forbairt agus comhtháthú uirlisí CAT (Aistriúchán Ríomhchuidithe) agus páirt a ghlacadh i gcomhroinnt faisnéise chun cabhrú le hacmhainní a shruthlíniú agus modhanna a chomhchuibhiú, agus ar an gcaoi sin leas a bhaint as an eispéireas gnóthaithe ag eagraíochtaí nó seirbhísí eile.

1. COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ:

Le bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir na ceanglais a leanas a chomhlíonadh faoin **08/02/2021**, an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach:

a) CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA:

- A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach;
- Leibhéal oideachais a bheith acu a chomhfhreagraíonn do staidéir ollscoile críochnaithe 3 bliana ar a laghad, arna fhianú ag dioplóma;[2]

[2] Ní chuirfear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a eisítear i mBallstáit AE nó a bhfuil deimhniú coibhéise comhfhreagrach acu arna n-eisiúint ag na húdaráis sna Stáit sin.

- Taithí ghairmiúil chruthaithe 3 bliana ar a laghad a bheith acu, a saothraíodh tar éis an dioplóma a bhaint amach lena ndeimhnítear go bhfuil an leibhéal staidéir thuasluaite críochnaithe;
- Scileanna teanga: eolas críochnúil a bheith acu ar cheann de theangacha oifigiúla den Aontas Eorpach agus eolas sásúil a bheith acu ar theanga oifigiúil eile den Aontas Eorpach, sa mhéad is gá chun na dualgais a chomhlíonadh.

b) COINNÍOLLACHA AR LEITH:

- Na staidéir ábhartha in TF a bheith curtha i gcrích acu, arna bhfianú ag dioplóma;
- Taithí ghairmiúil chruthaithe bliana ar a laghad a bheith acu i bhforbairt feidhmchlár TF chun seirbhísí aistriúcháin a sholáthar agus a bhainistiú agus uirlisí CAT a eagrú (cuimhní aistriúcháin, eagarthóir aistriúcháin, etc.);
- Taithí ghairmiúil chruthaithe 2 bhliain ar a laghad a bheith acu sna nithe a leanas
    - feidhmchláir C# .Net-Angular a fhorbairt;
    - APInna Gréasáin (SOAP, REST) a fhorbairt;
    - teicníc ORM (Object-Relational Mapping) amháin ar a laghad a úsáid;
    - ceisteanna SQL a scríobh;
- Eolas maith ar Bhéarla (leibhéal B2[3]).

c) SCILEANNA RIACHTANACHA:

- Taithí ghairmiúil bliana ar a laghad in institiúid, gníomhaireacht nó comhlacht AE nó in eagraíocht idirnáisiúnta;
- Eolas an-mhaith ar an modheolaíocht SCRUM;
- Scileanna in JavaScript/JQuery;
- Scileanna in nHibernate;
- Scileanna in Oracle-PL/SQL;
- Scileanna in SqlServer;
- Eolas ar SDL WorldServer / SDL Studio;
- Eolas ar Azure DevOps agus ar bhainistiú Build and Release;
- Eolas maith ar Fhraincis (leibhéal B2);
- Eolas maith ar thríú teanga oifigiúil den Aontas Eorpach.

d) SCILEANNA RIACHTANACHA NEAMHTHEICNIÚLA:

- Cumarsáid scríofa agus béil: scileanna dréachtaithe, an cumas achoimriú agus cumarsáid a dhéanamh sna teangacha iasachta ábhartha.
- Scileanna idirphearsanta: an cumas oibriú i bhfoireann, an cumas cumarsáid a dhéanamh ag gach leibhéal (go hinmheánach agus go seachtrach), an cumas oibriú i dtimpeallacht ilteangach.
- Braistint freagrachta: discréid, rúndacht, cruinneas, infhaighteacht, éifeachtúlacht agus poncúlacht.
- Scileanna eagrúcháin: an cumas tascanna éagsúla a bhainistiú agus tosaíochtaí a leagan amach, cur chuige modheolaíoch, an cumas tionscnamh a ghlacadh, agus a bheith ilchumasach.
- Inoiriúnacht: an cumas cabhrú le daoine eile agus oibriú faoi bhrú, an cumas foghlaim agus oiriúnú d'fhorbairtí nua sa timpeallacht TF.

[3] Leibhéal arna shainiú de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFRL).

Déanfar na scileanna riachtanacha neamhtheicniúla sin a mheasúnú sa triail scríofa agus san agallamh [féach pointe 2(b)(i) agus (ii) thíos].

2. AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN:

a) AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN:

Déanfar an chéim réamhroghnúcháin ina dá chuid:

- Beidh an chéad chuid bunaithe ar na 'Critéir incháilitheachta' thuasluaite [pointe 1(a)] agus is é an aidhm atá léi a dhearbhú cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta riachtanacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá leagtha síos sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na riachtanais sin.
- Cuirfear taithí ghairmiúil agus gnéithe eile atá luaite i bpointe 1(b) 'Coinníollacha ar leith' san áireamh sa dara cuid. Déanfar an chuid seo a mharcáil ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 12).

Tabharfaidh an Coiste Roghnóireachta cuireadh do na 10 n-iarratasóirí a n-éireoidh leo sa chéim réamhroghnúcháin agus a ghnóthaíonn na marcanna is airde chun tabhairt faoi thriail scríofa agus chun dul faoi agallamh.

b) AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN:

Déanfar an chéim roghnúcháin de réir an nós imeachta a ndéantar cur síos air thíos. Beidh dhá thriail i gceist:

(i) Triail scríofa (i mBéarla nó i bhFraincis) ina mbeidh na nithe a leanas:

- Triail phraiticiúil ar ríomhaire chun measúnú a dhéanamh ar scileanna na n-iarratasóirí sna gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt feidhmchlár sna réimsí atá luaite i bpointe 1(b) agus 1(c)

  Fad na trialach scríofa: 2 uair an chloig

Déanfar measúnú dall ar an triail scríofa agus déanfar í a mharcáil as 20 (pasmharc: 12).

Féadfaidh na hiarratasóirí an triail scríofa a dhéanamh i mBéarla nó i bhFraincis. Tabhair do d'aire nach mór d'iarratasóirí a bhfuil Fraincis mar phríomhtheanga acu an triail scríofa a dhéanamh i mBéarla agus nach mór dóibh siúd a bhfuil Béarla mar phríomhtheanga acu Fraincis a roghnú.

(ii) Agallamh leis an gCoiste Roghnóireachta chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an iarratasóra chun na cúraimí atá sonraithe thuas a chur i gcrích. Ina theannta sin, déanfar measúnú mionsonraithe san agallamh ar shaineolas na n-iarratasóirí agus ar a scileanna sna réimsí atá leagtha amach i bpointí 1(b), 1(c) agus 1(d).
D'fhéadfaí an t-agallamh a reáchtáil ar an lá a dhéantar an triail scríofa nó sna laethanta ina dhiaidh sin.

Fad an agallaimh: thart ar 40 nóiméad.

Déanfar an t-agallamh a mharcáil as 20 marc (pasmharc: 12).

Is i Lucsamburg a reáchtálfar na trialacha. I gcás force majeure, reáchtálfar na trialacha go cianda.
Gheobhaidh iarratasóirí a dtugtar cuireadh dóibh na trialacha a dhéanamh an fhaisnéis ábhartha go léir in am trátha.

A luaithe is a bheidh an triail scríofa agus an t-agallamh marcáilte, dréachtóidh an Coiste Roghnóireachta liosta ionadaithe a chuimseoidh na hiarratasóirí rathúla in ord aibítre. Is iad na hiarratasóirí rathúla na hiarratasóirí sin a ghnóthaíonn an pasmharc comhiomlán íosta atá ag teastáil sa triail scríofa mar aon leis an bpasmharc íosta atá ag teastáil san agallamh [féach pointí (i) agus (ii)].

Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire nach ionann cur san áireamh ar liosta ionadaithe agus ráthaíocht earcaíochta.

Maidir leis na hiarratasóirí sin a dtugtar cuireadh dóibh an triail scríofa agus an t-agallamh a dhéanamh, ní mór dóibh na doiciméid tacaíochta ábhartha a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a cuireadh ar an bhfoirm iarratais a sholáthar ar lá an agallaimh. Áirítear leis na doiciméid sin cóipeanna de dhioplómaí, teastais agus doiciméid tacaíochta eile ina gcruthaítear a dtaithí ghairmiúil agus ina dtaispeántar go soiléir dátaí tosaigh agus dátaí deiridh, an post agus cineál beacht a ndualgas, etc. Má dhéantar na trialacha go cianda, féadfaidh iarratasóirí cóip de na doiciméid tacaíochta a iarrtar thuas a sheoladh trí ríomhphost chuig E-Selection@cdt.europa.eu.

Mar sin féin, sula bhféadfar conradh a thabhairt i gcrích, beidh ar na hiarratasóirí roghnaithe na bunchóipeanna agus cóipeanna deimhnithe de gach doiciméad ábhartha ina gcruthaítear critéir incháilitheachta a chur ar fáil.

Beidh an liosta ionadaithe bailí go ceann 12 mhí ó dháta a bhunaithe agus féadfar an tréimhse sin a shíneadh faoi rogha Údarás an Ionaid Aistriúcháin atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

3. EARCAÍOCHT:

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh trí bliana (a bhféadfar é a athnuachan) a thairiscint don iarratasóir roghnaithe de réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéanfar, d'fhéadfadh ceanglas a chur ar an iarratasóir roghnaithe iarratas ar imréiteach slándála a dhéanamh.

Is san Fheidhmghrúpa/Grád AD6 a dhéanfar an t-iarratasóir rathúil a earcú. Is ionann an buntuarastal míosúil do ghrád AD6 (céim 1) agus EUR 5 563,58[4]. I dteannta an bhuntuarastail, d'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal liúntais éagsúla a fháil, amhail liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal), etc.

Ina theannta sin, le bheith incháilithe, agus sula gceapfar é/í, ní mór don iarratasóir roghnaithe:

- aon oibleagáidí a fhorchuirtear air/uirthi leis an dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- na riachtanais charachtair le haghaidh na gcúraimí atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)[5];
- dul faoi scrúdú leighis mar a iarrann an tIonad Aistriúcháin de réir Airteagal 12(2) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

4. AN NÓS IMEACHTA IARRATAIS:

Ní mór d'iarratasóirí a bhfuil spéis acu sa phost a n-iarratas ar líne a chomhlánú in Systal (https://aa251.referrals.selectminds.com/?lset=en_US) roimh an spriocdháta.

Ní mór d'iarratasóirí leagan leictreonach de na doiciméid a cheangal lena n-iarratas i Systal freisin a chruthaíonn go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta. Tabhair do d'aire go ndiúltófar d'iarratas i gcás nach gcuirtear na doiciméid sin isteach.

Sula gcuirfear an fhoirm iarratais isteach, ní mór d'iarratasóirí a sheiceáil go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta uile atá liostaithe san fhógra folúntais, go háirithe maidir le cáilíochtaí agus taithí ghairmiúil ábhartha.

Molaimid go láidir iarratais a chur isteach in am trátha. Tá fianaise ann go bhféadfadh an córas a bheith ró-ualaithe ag druidim leis an spriocdháta. Fágann sin go mbeadh sé deacair an t-iarratas a chur isteach in am.

---

[4] Buntuarastal míosúil bailí ón 1 Iúil 2020. I dteannta an bhuntuarastail mhíosúil seo, d'fhéadfadh gníomhairí sealadacha a bheith incháilithe do liúntais éagsúla, ag brath ar a staid phearsanta.

[5] Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil acu.

COMHDHEISEANNA
Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin agus earcaíonn sé iarratasóirí beag beann ar aois, cine, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, inscne nó claonadh gnéasach, míchumas, stádas pósta ná staid teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA
Ceanglófar ar an sealbhóir poist dearbhú a thabhairt ar an tiomantas atá aige/aici do ghníomhú go neamhspleách le leas an phobail agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leasanna atá aige/aici a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA:

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí atá den tuairim go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith, féadfaidh siad, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnóireachta tuilleadh sonraí a thabhairt dó/di faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh (féach Iarscríbhinn I).

IARRATAIS Ó IARRATASÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINEANN LEO

Tá an ceart sonrach ag iarratasóirí atá páirteach i nós imeachta roghnúcháin rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach. D'fhéadfaí faisnéis bhreise a bhaineann lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a sholáthar d'iarratasóirí a dhéanann an iarraidh sin. Ní mór d'iarratasóirí iarratais den chineál sin a sheoladh i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnóireachta laistigh de mhí amháin ó cuireadh a gcuid torthaí sa nós imeachta roghnúcháin in iúl dóibh. Seolfar an freagra laistigh de mhí amháin. Déileálfar le hiarratais agus aird á tabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnóireachta, i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Áiritheoidh an tIonad Aistriúcháin (mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go ndéanfar sonraí pearsanta na n-iarratasóirí a phróiseáil go hiomlán de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus i dtaca le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO 2018 L 295 an 21.11.2018, lch. 39). Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu) am ar bith.

Féach le do thoil an fógra príobháideachta sonrach.

IARSCRÍBHINN 1 IARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ – NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Tá na Rialacháin Foirne infheidhme maidir le nósanna imeachta roghnúcháin agus, dá bhrí sin, tá gach nós imeachta faoi rún. Má chreideann iarratasóirí, tráth ar bith le linn an nós imeachta roghnúcháin, go ndearnadh dochar dá leasanna le cinneadh áirithe, tá na bearta a leanas ar fáil dóibh:

I. IARRATAIS AR THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

Litir ina n-iarrtar tuilleadh faisnéise nó athbhreithniú agus ina leagtar a n-argóint amach a sheoladh chuig:

Cathaoirleach an Choiste Roghnóireachta CDT-AD6-2020/04
An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Drosbach
Oifig 3077
12E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

laistigh de 10 lá féilire ón dáta a seoladh an litir ina gcuireadh an cinneadh in iúl dóibh. Seolfaidh an Coiste Roghnúcháin freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

Gearán a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas de réir Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh:

Faoi bhráid: An tÚdarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích
CDT-AD6-2020/04
An tIonad Aistriúcháin
Bâtiment Drosbach
Oifig 3077
12E, rue Guillaume Kroll
L-1882 Lucsamburg

Maidir leis an dá chineál nós imeachta seo, na spriocdhátaí a shonraítear sna Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán na Comhairle (CE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2013 L 287, lch. 15 – https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?qid=1584607571171&uri=CELEX%3A32013R1023), tosaíonn siad ón uair a thugtar fógra don iarratasóir faoin ngníomh a líomhnaítear go ndearna sé dochar dá leasanna.

Tabhair do d'aire nach bhfuil sé de chumhacht ag an údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích aon chinneadh ón gCoiste Roghnóireachta a leasú. Tá Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go seasmhach den tuairim nach bhfuil rogha leathan na gCoistí Roghnóireachta faoi réir athbhreithnithe ag an gCúirt, seachas sa chás gur sáraíodh go soiléir na rialacha lena rialaítear imeachtaí na gCoistí Roghnóireachta.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

Féadfaidh iarratasóirí gearán a sheoladh chuig an seoladh a leanas:

An tOmbudsman Eorpach
1 avenue du Président-Robert-Schuman – BP 403
F-67001 Strasbourg Cedex

de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113, an 4 Bealtaine 1994, lch. 15).

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagail 90(2) agus 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearán a dhéanamh le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin le do thoil nach mór go ndearnadh na cineálacha cur chuige cuí leis na hinstitiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéantar gearán ar bith leis an Ombudsman de réir Airteagal 2(4) de Chinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman.